Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Iúil 2022
(OR. en)

11250/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0076(NLE)**

**CLIMA 363**
**ENV 737**
**ENER 361**
**IND 288**
**COMPET 598**
**MI 567**
**ECOFIN 727**
**TRANS 493**
**AELE 33**
**CH 10**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9600/22 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú |

Bunaithe ar thoradh nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta maidir leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht le haghaidh an dréachtchinnidh ón gComhairle mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, meastar go gcuirfear an téacs comhaontaithe agus, tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh air, faoi bhráid Coreper/na Comhairle lena ghlacadh go foirmiúil.

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2018/219[1] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

(2) De bhun Airteagal 12(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm do na cinntí sin.

(3) Is iomchuí comhoiriúnacht agus comhsheasmhacht a athbhunú idir rialacha dlíthiúla agus cur i bhfeidhm na rialacha sin d'fhonn faisnéis íogair a chosaint, go háirithe chun í a chosaint ar nochtadh neamhúdaraithe nó ar chaillteanas sláine. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na marcálacha slándála a áirithiú mar a leagtar amach in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú iad, ba cheart na hIarscríbhinní sin a leasú i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú.

---

[1] IO L 322, 7.12.2017, lch. 3.

(4) In 2022, le linn a chúigiú cruinniú nó níos luaithe tríd an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Comhchoiste[2], glacfaidh an Comhchoiste an Cinneadh maidir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

(5) An Cinneadh maidir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, ós rud é go mbeidh sé ceangailteach ar an Aontas, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcúigiú cruinniú den Chomhchoiste nó níos luaithe tríd an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste[3], beidh an seasamh sin bunaithe ar dhréachtchinneadh an Chomhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[2] Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gCórais Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Nascadh an 25 Eanáir 2019 maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta, atá le fáil ag https://ec.europa.eu/clima/system/files/2021-07/20191201_jc_dec_rop_en.pdf agus Cinneadh (AE) 2018/1279 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018, IO L 239 an 24.9.2018, lch. 8.

[3] Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gCórais Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Nascadh an 25 Eanáir 2019 maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta, atá le fáil ag https://ec.europa.eu/clima/system/files/2021-07/20191201_jc_dec_rop_en.pdf agus Cinneadh (AE) 2018/1279 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018, IO L 239 an 24.9.2018, lch. 8.